

**Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000006/2017  
ar an gCoimisiún**

Rule 130b

**Curzio Maltese, Martina Michels**

thar ceann an Ghrúpa GUE/NGL

Ábhar: Ardáin roinnte físeán agus freagracht eagarthóireachta

Ós rud é gurb é ceann de phríomhchuspóirí AE mionaoisigh, grúpaí leochaileacha, tomhaltóirí agus saoránaigh i gcoitinne a chosaint leis na rialacha Eorpacha comhchuibhithe, tá sé riachtanach saoirse cainte a chosaint agus an lucht féachana leochaileach, go háirithe leanaí, a chosaint ar fhógraíocht chraolta dhainséarach, ar shuíomh táirgí agus ar ábhar neamhdhleathach.

I gcomhréir le hAirteagal 14 agus Airteagal 15 de Threoir 2000/31/CE, níl freagracht eagarthóireachta ar sheirbhísí na sochaí faisnéise. Tá siad ag foilsiú níos mó agus níos mó ábhar closamhairc agus gan sásra ceart acu lena bhféachtar am craolta fógraí agus suíomh táirgí a theorannú agus fuathchaint agus ábhar a bheadh díobhálach do mhionaoisigh a rialú. Ba cheart go n-áireofaí sna forálacha ar fad lena bhféachtar le feabhas a chur ar chosaint an lucht féachana leochailigh níos imeachta faireacháin cuí agus sásra dlínse agus reachtaíochta a ndéanfaidh na húdaráis inniúla i ngach Ballstát maoirseacht orthu.

Chun seirbhísí na sochaí faisnéise a chur i gcomhthéacs iomchuí agus an lucht féachana leochaileach a chosaint, an gceapann an Coimisiún gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil nó tionscnamh reachtach iomchuí a ghlacadh?